

FÉAR GORTACH

Bhí mé a' tigheacht ó aonach Uachtar Ard. Bhí péire beithidhigheach ceannuighthe agam. Bhíodar an-fhiadháin. D'ólamar deoch ag an Teach Dóighte. Tháinig Peadar Ó Máille suas liom ag an Leic Bhán. Bhí carr aige. Dubhairt sé liom a thigheacht sa gcarr leis. Bhí an oidhche dubh agus níor mhaith liom mo dhá bheithidheach a fhágáil ar an mbóthar – ní dheachaidh mé leis. Ag mullach Mám Aoidh tháinig mé suas leis aríst. Bhí sé ag imtheacht go réidh. Bhí sé a rádh liom a thigheacht sa gcarr aríst leis agus ní dheachas.

Ar bharr an chruic d'airigh mé laige a' tigheacht orm agus ní raibh fhios agam céard é ná cén t-ughdar. Thosuigh mé ag cur alluis agus bhí mé ag iarraidh coinneál suas leis an muinntir a bhí liom. Faoi cheann sgathaimh bhíodar imthighthe uaim. Ní raibh mé i ndon coinneál suas leofa. Bhí mé chomh féachta agus tá mé dearbhtha nach raibh mé a' déanamh míle san uair. Tháinig mé isteach i dteach agus shuigh mé ar chathaoir in aice an dorais agus d'iarr mé deoch ar an mbean óg. Thug sí sin chugam, báisín mór bainne. "Ó" adubhairt sí, "tá rud eicínt ort, seachain a n-ólfá é sin." Thug sí píosa aráin agus im chugam. "Ith é seo an chéad uair" ar sise. Rug mé ar an sgian agus bhain mé bordáil dhá ghreim den arán. D'ith mé é. Chomh luath agus bhí an dá ghreim ithte agam bhí mé chomh maith agus bhí mé aon oidhche nó lá ariamh.

Rug mé ar an mbainne agus d'ól mé é. Ní raibh blas orm ó bhlais mé den arán agus den im. Ní ina ocras a thiocthas an fear gortach ach ina lagar.